Forbhreathnú ar Chásdlí ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ar an mBarántas Gabhála Eorpach

Fotheideal

Dáta:	15/03/2021
URL:	https://www.eurojust.europa.eu/case-law-court-justice-european-union-european-arrest-warrant-march2021

Achoimre Fheidhmeach

Tugtar forléargas sa doiciméad seo ar chásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) maidir le cur i bhfeidhm Chinneadh Réime 2002/584/CGB an 13 Meitheamh 2002 maidir leis an mBarántas Gabhála Eorpach agus na nósanna imeachta um thabhairt suas idir Ballstáit (CR BGE).

Tá **eagrán 2021 d'fhorléargas Eurojust ar chásdlí CBAE maidir leis an BGE cothrom le dáta amhail an 15 Márta 2021**. I gcomparáid leis an eagrán roimhe seo (2020), tá naoi mbreithiúnas breise ann, rud a fhágann go bhfuil 55 bhreithiúnas san iomlán ann don tréimhse 2007-2021.Ag brath ar líon na mbreithiúnas atá le teacht, foilseofar an chéad nuashonrú eile ar an doiciméad seo fós in 2021 nó in 2022.

San fhorléargas ar an gcásdlí tá achoimrí ar bhreithiúnais CBAE atá aicmithe de réir tacar eochairfhocal tábhachtach a léiríonn struchtúr an CR BGE. Tugtar tábla eochairfhocal agus liosta breithiúnas in ord croineolaíoch freisin ag tús an doiciméid.

Clúdaíonn an forléargas na príomhábhair seo a leanas. Luaitear forbairtí a tharla le déanaí ó rinneadh an nuashonrú deireanach in aghaidh an ábhair.

- **Bailíocht an CR BGE.** In 2021, sheas an CBAE le bailíocht an CR BGE agus dhíbh sí dúshláin a bhí bunaithe ar fhorais cearta bunúsacha (Cás C-649/19, *Spetsializirana prokuratura* (*Déclaration des droits*)).
- **Inghlacthacht iarratais ar réamhrialú ag údarás breithiúnach eisiúna.** In 2021, ghlac CBAE leis gur féidir leis an údarás breithiúnach eisiúna réamhrialú a iarraidh i gcás go bhfuil an BGE curtha ar neamhní cheana féin, d'fhonn BGE nua a ghlacadh (*Spetsializirana prokuratura* (*Déclaration des droits*)).
- **Ábhar agus bailíocht an BGE.** In 2020, leathnaigh CBAE a chásdlí maidir le coincheap an údaráis bhreithiúnaigh eisiúna de réir bhrí Airteagal 6(1) CR BGE go dtí an coincheap 'údarás breithiúnach forghníomhaitheach' de réir bhrí Airteagail 6(2), 27(3)(g) agus 27(4)CR BGE (*Openbaar Ministerie* (*Faux en écritures*)). Rialaigh CBAE freisin nach leor easnaimh shistéamacha nó ghinearálta a théann i bhfeidhm ar neamhspleáchas bhreithiúna na mBallstát eisiúna leo féin, chun baint de thátal go dteipeann ar chúirteanna uile an Bhallstáit eisiúna teacht faoin gcoincheap 'údarás breithiúnach eisiúna' (*Openbaar Ministerie* (*Indépendance de l'autorité judiciaire d'émission*)). In 2021, rinne CBAE soiléiriú breise ar bhrí an choincheapa 'barántas gabhála náisiúnta nó aon chinneadh breithiúnach infheidhmithe eile a bhfuil an éifeacht chéanna aige' (*MM*). Maidir leis na ceanglais maidir le cosaint bhreithiúnach éifeachtach i ndáil le BGE chun críocha ionchúisimh, rialaigh CBAE go nglacann siad leis go mbeidh an BGE nó an barántas gabhála náisiúnta ar a bhfuil sé bunaithe faoi réir athbhreithnithe bhreithiúnaigh ag cúirt sa Bhallstát eisiúna sula dtugtar suas an duine iarrtha (*PI*).

- **Oibleagáid BGE a fhorghníomhú.**
- **Raon feidhme an BGE.**
- **Grinnscrúdú ar chearta an duine.** In 2020, rinne CBAE soiléiriú breise ar an measúnú dhá chéime maidir leis an gceart bunúsach chuig binse neamhspleách.Mheabhraigh CBAE freisin nach dtugann easnaimh shistéamacha nó ghinearálaithe maidir le neamhspleáchas breithiúnach i mBallstát eisiúna leo féin údar le diúltú údaráis bhreithiúnaigh forghníomhaithigh aon BGE a eisíodh ag údarás breithiúnach den Bhallstát sin a fhorghníomhú. (*Openbaar Ministerie* (*Indépendance de l'autorité judiciaire d'émission*)).